2026/1508

3.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1508 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Iúil 2026

lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán (AE) 2015/340 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Portaingéilise agus Seicise de Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid i bpointe ATCO.C.020, pointe (c), d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO), a mhéid a bhaineann le hathnuachan an fhormhuinithe um theagascóir oiliúna le linn na hoibre. Tugadh an earráid isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143 ón gCoimisiún ([3]) agus déantar difear léi do shubstaint na forála sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Portaingéilise agus Seicise de Rialachán (AE) 2015/340 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Chun léiriú comhionann ar fhoráil phointe ATCO.C.020(c), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143, a áirithiú, sna leaganacha teanga uile ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, agus chun nach mbeidh leaganacha neamhréireacha den fhoráil sin ann an tráth céanna sna leaganacha Portaingéilise agus Seicise, is iomchuí go dtiocfaidh an ceartúchán sin chun bheith infheidhme ar dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste dá dtagraítear in Airteagal 127(1) de Rialachán (AE) 2018/1139, tuairim a cuireadh ar fáil sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (IO L 63, 6.3.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/340/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/340 a mhéid a bhaineann le hoiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachta a thabhairt isteach agus oiliúint fhíorúil a chur ar rialtóirí aerthráchta(IO L, 2025/2143, 24.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2143/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 13 Samhain 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN